

Faisnéis d'aturnaetha

in imeachtaí faoi Choinbhinsiún an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí (ar a dtugtar 'Coinbhinsiún 1980' thíos)

Is gnách na himeachtaí sin a thabhairt i gcrích laistigh de thréimhse **6 seachtaine** agus is ann do líon teoranta saincheisteanna is féidir a bhreithniú. I gcás tógáil nó coinneáil neamhdhleathach, ní bhreithneoidh an chúirt ach cé acu is ann nó nach ann do riosca tromchúiseach díobhála má sheoltar an leanbh ar ais chuig an tír thionscnaimh ar riosca é nach féidir deireadh a chur leis nó teorainn a chur leis go leordhóthanach le bearta iomchuí sa tír sin. Go sonrach, **ní hé** is aidhm do na himeachtaí breithniú a dhéanamh ar na socruithe le haghaidh na caomhnóireachta a mbeadh ina thoradh air go bhféachfadh an chúirt ar an leas is fearr don leanbh.

Sa chás seo, tá deis thábhachtach ag an gcúirt an t-aighneas a réiteach, nó é a mhaolú ar a laghad, lasmuigh den chúirt le cabhair idirghabhála.

I gcás páirtnéireachtaí náisiúntachtaí measca, ba cheart, más féidir, an idirghabháil a dhéanamh le beirt idirghabhálaithe. Ba cheart an tsaoránacht chéanna le duine de na tuismitheoirí a bheith ag idirghabhálaí amháin, agus saoránacht an tuismitheora eile a bheith ag an idirghabhálaí eile. Le cabhair a n-oideachais agus na taithí atá acu, is féidir leis na hidirghabhálaithe déileáil leis na fadhbanna casta a bhíonn i gceist le cásanna fuadaigh. Déanann siad modhnóireacht idir na tuismitheoirí, cruthaíonn siad atmaisféar fabhrach don idirphlé, agus bíonn siad ag saothrú i dtreo teagmháil chóir idir na tuismitheoirí. Níl aon údarás cinnteoireachta ag na hidirghabhálaithe. Ní dhéanann siad ach na páirtithe a spreagadh chun réiteach oiriúnach a fhorbairt eatarthu féin ar na fadhbanna atá acu. Anuas ar cheist shainchónaí an linbh amach anseo, d'fhéadfaí teacht ar chomhréiteach sa phróiseas idirghabhála maidir le cothabháil teagmhála leis an mbeirt tuismitheoirí, socruithe rochtana, gealltanais maidir le cóiríocht an linbh, teagasc teanga agus forbairt scolaíochta, socruithe riachtanacha maidir leis an soláthar airgeadais agus mar sin de.

Níl aon tionchar ag an idirghabháil ar sheasamh na bpáirtithe sna himeachtaí cúirte. **Ní dhéantar** an idirghabháil **go poiblí**, tá sé **faoi rún** agus ní nochtfar na torthaí sa chúirt **ach amháin i gcás ina dtoilíonn an bheirt pháirtithe leis sin**. Go háirithe, **ní hionann** toilteanas na dtuismitheoirí tús a chur le próiseas idirghabhála agus a rá gur ghéill an tuismitheoir a fhágtar d'áit chónaithe reatha an linbh sa Ghearmáin. Is féidir le do chliant comhairle a iarraidh ort le linn an phróisis idirghabhála, agus ba cheart dó é sin a dhéanamh.

Faoi na páirtithe féin atá sé costas an phróisis idirghabhála a íoc, lena n-áirítear costas an taistil agus na cóiríochta le haghaidh na bh páirtithe agus na n-idirghabhálaithe. Ba cheart iarraidh ar na hinstiúidí a liostaítear ag deireadh na litreach seo maidir le deontas a d'fhéadfaí a fháil nó conas is féidir teorainn a chur leis na costais ar bhealach eile.

Tá sé tábhachtach go mbeadh an t-atornae comhairleoireachta le fáil gan mhoill ar an bhfón le go bhféadfadh na tuismitheoirí dul i mbun comhairleoireachta ag am ar bith.

Chomh luath agus is indéanta tar éis d'athbhreithnithe mar atornae ionadaíoch, is féidir torthaí na hidirghabhála a thairfeadh agus d'fhéadfaí iad a dhéanamh ceangailteach sa chúirt. D'fhéadfaí go mbeadh cosaint iomchuí sa tír eile ag teastáil ina dhiaidh sin.

Má bhíonn ceisteanna eile agat faoin bpróiseas idirghabhála, is féidir teagmháil a dhéanamh le:

Bundesamt für Justiz Zentrale Behörde Referat II 3 An tUasal Andreas Folb 53094 Bonn Teileafón: 0049 228/ 99 410 5212 Facs: 0049 228/ 99 410 5401 Ríomhphost: int.sorgerecht@bfj.bund.de Idirlíon: www.bundesjustizamt.de	MiKK e.V. Ionad Idirghabhála Idirnáisiúnta um Choimhlint Teaghlaigh agus Fuadach Leanaí Fasanenstraße 12 10623 Beirlín Teileafón: 0049 30/74 78 78 79 Ríomhphost: mediation@mikk-ev.org Idirlíon: www.mikk-ev.org
-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

Is féidir leis na teagmhálaithe thuas ainm agus seoladh idirghabhálaithe a thabhairt duit a bhfuil, mar thoradh ar oiliúint bhreise, taithí speisialta acu ar aighneas caomhnóireachta idirnáisiúnta agus ar chásanna faoi Choinbhinsiún na Háige.

Is féidir leis an gcúirt teaghlaigh é sin a sholáthar freisin.

Iarrtar ort an chúirt a chur ar an eolas a luaithe is féidir cibé acu a aontaíonn nó nach aontaíonn do pháirtí leis an idirghabháil mar ba cheart an chéad seisiún idirghabhála a dhéanamh roimh an éisteacht sa chúirt más féidir.

Ba cheart duit na tagairtí thuas a bhreithniú gan mhoill agus, i gcás cinneadh dearfach, tús a chur leis an bpróiseas idirghabhála a luaithe is féidir. An chúis leis sin ná gur gá na himeachtaí cúirte a thabhairt i gcrích laistigh de 6 seachtaine gan beann ar idirghabháil a bheith ar siúl i gcónaí. Ní chuirtear as an áireamh leis sin go gceadódh an chúirt idirghabháil laistigh den fhráma ama sin, agus go bhféadfadh an chúirt treoracha a thabhairt.

An chúirt dúiche – an chúirt teaghlaigh